



An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2019
(OR. en)

9181/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0140(COD)

TRANS 325
MAR 105
MI 425
COMER 71
CYBER 159
ENFOCUSTOM 101
DATAPROTECT 144
CODEC 1056

TUARASCÁIL

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	7364/2/19 REV 2
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais – Cur chuige ginearálta

I. COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. Ar an 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar chuid den tríú pacáiste 'An Eoraip ag Gluaiseacht', atá dírithe ar shoghluaisteacht na hEorpa a dhéanamh níos sábháilte, níos glaine, níos éifeachtúla agus níos inrochtana, chun tairbhe shaoránaigh uile an Aontais.

2. Is é aidhm ghinearálta an togra creat aonfhoirmeach dlíthiúil a bhunú do tharchur faisnéis digití faoi iompar lastais agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le héifeachtúlacht níos fearr in earnáil an iompair. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra:
- ceangal a chur ar gach údarás poiblí ábhartha glacadh le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI), nuair a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha ar fáil í,
 - go gcuirfidh údaráis an oibleagáid sin chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach, agus
 - gur córais agus réitigh idir-inoibrithe iad na córais agus na réitigh éagsúla TF a úsáidtear le haghaidh malartú faisnéise faoi iompar lastais.

II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

3. Ag Parlaimint na hEorpa (PE), is é an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht atá freagrach as an gcomhad seo agus is í Claudia Schmidt (EPP, AT) atá mar rapóirtéir. Vótáil an Pharlaimint ar an tuarascáil agus ghlac sí a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2019.
4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra ag an seisiún iomlánach ar an 17 Deireadh Fómhair 2018.
5. Chinn Coiste na Réigiún nach dtabharfadh sé aon tuairim uaidh maidir leis an togra seo.

III. STAD NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

6. Chuir an Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódula agus Gréasáin - tús lena cuid oibre i mí an Mheithimh 2018 ina ndearnadh an togra agus a mheasúnú tionchair a chur i láthair ar bhealach ginearálta. Rinneadh staidéar ar an togra ag dhá chruinniú eile den Mheitheal i mí Iúil 2018 as ar tháinig tuarascáil ar dhul chun cinn¹ a cuireadh faoi bhráid na Comhairle an 3 Nollaig 2018.

¹ 14231/18.

7. Lean an Uachtaránacht leis an obair ar an togra agus rinneadh dianscrúdú ar an gcomhad i gcúig cinn de chruinnithe idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2019. Bunaithe ar na barúlacha arna gcur ar fáil ag na toscaireachtaí ag cruinnithe na Meithle agus i bhfoirm tráchta i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht trí théacs comhréitigh inar moladh réitigh agus soiléiriú i ndáil leis an togra ón gCoimisiún i dtaca le roinnt airteagal. Seo a leanas na príomh-mholtaí:
- **Airteagal 1 (Ábhar agus raon feidhme):** soiléiríodh na ceanglais faisnéise rialála a bhfuil feidhm ag an dreáchtrialachán ina leith. Rinneadh liosta na ngníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais a bhogadh ó chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le hAirteagal 1, sa chaoi nach ndéanfaí an liosta sin a mhodhnú amach anseo trí mheán gníomhartha tarmligthe. Cuireadh leis an raon feidhme na ceanglais faisnéise rialála a leagtar síos i ngníomh tarmligthe nó i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear i mír 2 (a), agus in dhá ghníomh reachtacha eile de chuid an Aontais Eorpaigh.
 - **Airteagal 3 (Sainmhínithe):** rinneadh roinnt de na sainmhínithe a bhí ann a shoiléiriú agus cuireadh isteach roinnt sainmhínithe nua.
 - **Airteagal 5 (Ceanglais do na húdaráis inniúla):** i dtaca le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ² maidir le loingsithe dramhaíola, soiléiríodh, i ndáil leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a bheith ag gabháil le gach loingsiú dramhaíola, go mbunaítear oibleagáid leis an togra eFTI do na húdaráis glacadh le faisnéis i bhformáid leictreonach nuair a roghnaíonn na oibreoirí lena mbaineann an fhaisnéis sin a sholáthar go leictreonach faoi na coinníollacha sa rialachán eFTI agus, dá réir sin, ní theastaítear aon réamhthoil ó na húdaráis.
- Ina theannta sin, tugadh mír nua isteach chun a áirithiú, i gcásanna ina n-áirítear bailíochtú oifigiúil na faisnéise rialála, mar shampla, stampaí nó deimhnithe, go dtabharfaidh an t-údarás cuí an bailíochtú sin go leictreonach.

² Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

- **Airteagal 7 (Tacar comhchoiteann sonraí eFTI, nósanna imeachta agus rialacha rochtana):** cuireadh mír nua isteach lena gcuirtear sonraí breise ar fáil maidir lena mbeidh sna gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfaidh an Coimisiún. Soiléiríodh go bhféachfaidh an Coimisiún, nuair a bheidh an tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus na fothacair sonraí á sainiú aige trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, le hidir-inoibritheacht a bhaint amach idir iad sin agus samhlacha sonraí atá inghlactha go hidirnáisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, go gcuirfidh sé na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus gníomhartha de chuid an Aontais atá ábhartha san áireamh, go bhféachfaidh sé le héifeachtúlacht na nósanna imeachta riaracháin a fheabhsú agus le costais na comhlíontachta a íoslaghdú.
- **Airteagal 8 (Ceanglais fheidhmiúla maidir le hardáin eFTI):** rinneadh roinnt de na ceanglais a bhí ann a shoiléiriú agus cuireadh isteach roinnt ceanglas nua.
- **Airteagail 10-12 (Comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus deimhniú):** tugadh isteach roinnt soiléirithe maidir le freagrachtaí chomhlachtaí agus údarais ainmnithe na mBallstát i dtaca le liosta na gcomhlachtaí creidiúnaithe um measúnú comhréireachta agus maidir le deimhniú na n-ardán agus na soláthraithe seirbhíse eFTI.
- **Airteagal 16 (Faireachán):** rinneadh simpliú ar fhreagrachtaí faireacháin agus tuairiscithe na mBallstát.
- **Airteagal 17 (Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm):** cuireadh síneadh le dáta chur i bhfeidhm an dréachtrialacháin go dtí sé bliana tar éis a theacht i bhfeidhm ar mhaithe lena ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme, go háirithe tar éis don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin.

8. Ag cruinniú na Meithle ar an 17 Bealtaine 2019, thacaigh na toscaireachtaí tríd is tríd leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht³ i dtaca le cur chuige ginearálta, ach d'iarr roinnt toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe nó léirigh go raibh ceisteanna eile acu i ndáil le roinnt de na hAirteagail.

³ 7364/2/19 REV 2.

9. Nuashonraíodh an comhréiteach ón uachtaránacht i bhfianaise na mbarúlacha a fuarthas ag cruinniú na Meithle ar an 17 Bealtaine agus tá an téacs sin i gceangal leis an tuarascáil. Is iad na príomhathruithe atá ann sainmhíniú nua in Airteagal 3, lena bhfilltear ar an téacs a bhí sa bhuntogra ón gCoimisiún i mír 1 d'Airteagal 10, agus gur scriosadh mír 1 in Airteagal 16.
10. Ag an gcéim seo, tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ag na toscaireachtaí ar fad maidir leis an leagan is déanaí den chomhréiteach, .i. an leagan atá san iarscríbhinn. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte ag toscaireacht amháin.

IV. CONCLÚIDÍ

11. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo a fhormhuiniú agus a iarraidh ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh aici an 6 Meitheamh 2019.

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais
(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag féachaint do thuairim Choiste na Réigiún⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá éifeachtúlacht an iompair agus na lóistíochta lastais ríthábhachtach d'iomaíochas gheilleagar an Aontais, d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus do chomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch gach réigiúin de chuid an Aontais.

⁴ IO C , , lch. .

⁵ IO C , , lch. .

- (2) Le gluaiseacht earraí, lena n-áirítear drámhaíl, déantar méid mór faisnéise a mhalartú agus déantar é a mhalartú fós i bhformáid pháipéir, i measc gnólachtaí agus idir gnólachtaí agus údaráis [...] **inniúla**. Tá an úsáid a bhaintear as doiciméid pháipéir ina hualach suntasach riaracháin d'oibreoirí lóistíochta.
- (3) Meastar gur de bharr gan aon chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a bheith ann ar leibhéal an Aontais lena gceanglófaí ar na húdaráis [...] **inniúla** glacadh le faisnéis ábhartha faoi iompar lastais i bhfoirm leictreonach, ar faisnéis í a cheanglaítear leis an reachtaíocht, nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i dtreo an tsimplithe agus na héifeachtúlachta breise a bheadh ann dá mbeadh modh leictreonach ar fáil. Dá nglacadh údaráis **inniúla** [...] le faisnéis i bhfoirm leictreonach agus lena raibh sonraíochtaí coiteanna, ní hamháin gurbh fhusa an chumarsáid idir iad agus na hoibreoirí ach, go hindíreach, b'fhusa freisin cumarsáid leictreonach aonfhoirmeach shimplithe gnólacht le gnólacht a fhorbairt ar fud an Aontais.
- (4) I roinnt réimsí dlí iompair an Aontais ceanglaítear ar na húdaráis inniúla glacadh le faisnéis dhigitithe, ach ní bhaineann sé sin le reachtaíocht ábhartha uile an Aontais ná baol air. Ba cheart go bhféadfaí úsáid a bhaint as modh leictreonach chun faisnéis rialála ar iompar earraí a chur ar fáil do na húdaráis **inniúla** ar fud chríoch an Aontais agus maidir le gach céim ábhartha de na hoibríochtaí iompair a dhéantar laistigh den Aontas. Lena chois sin, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis rialála ar fad, i ngach modh iompair.
- (5) [...] Dá bhrí sin, ba cheart a chur de cheangal ar na húdaráis **inniúla** glacadh le faisnéis a chuirtear ar fáil go leictreonach i gcás ina bhfuil oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur ar fáil mar fhianaise go bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh a leagtar síos i ngníomhartha de chuid an Aontais arna gcumhdach ag an Rialachán seo. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin i gcás ina gceanglaítear le dlí náisiúnta Ballstáit go soláthraítear faisnéis rialála arb ionann í, go hiomlán nó i bpáirt, agus an fhaisnéis atá le cur ar fáil faoi na gníomhartha sin de chuid an Aontais.

- (6) Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo ach éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar faisnéise, go sonrach, trí mhodh leictreonach, níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh d'fhorálacha dhlí an Aontais ná an dlí náisiúnta lena gcinntear ábhar na faisnéise rialála, agus go sonrach, níor cheart aon cheanglas breise um fhaisnéis rialála a fhorchur leis. Cé go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo go bhféadfar ceanglais um fhaisnéis rialála a chomhlíonadh trí mhodhanna leictreonacha seachas trí bhíthin doiciméid pháipéir, níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh ar aon slí eile **don fhéidearthacht atá ag na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis sin a chur i láthair i bhformáid pháipéir, mar a fhoráiltear dó i ngníomhartha ábhartha de chuid an Aontais nó na mBallstát, ná** i bhforálacha ábhartha de chuid an Aontais i ndáil leis na ceanglais a bhaineann leis na doiciméid is gá a úsáid chun an fhaisnéis a chur i láthair ar bhealach struchtúrtha. **I ndáil le [...] Rialachán (CE) 1013/2006⁶ [...] ba cheart i gcónaí, leis an Rialachán seo, nach ndéanfaí aon difear do na forálacha ina bhfuil ceanglais nós imeachta do loingsiú dramhaíola ná do na forálacha a thagraíonn do rialuithe atá le déanamh ag oifigí custaim.** Lena chois sin, níor cheart go ndéanfaí dochar leis an Rialachán seo do na forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe, **lena n-áirítear i ndáil le hinniúlachtaí custaim nó údarás eile, mar a** leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013⁷ nó i ngníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe a glacadh faoi théarmaí an Rialacháin sin nó i Rialachán (AE) uimh. XXX/2019 maidir le timpeallacht na n-Ionad Ilfhreastail Mhuirí Eorpach ('EMSWe').
- (7) Ba cheart an úsáid a bhaintear as modhanna leictreonacha chun faisnéis a mhalartú i gcomhréir leis an Rialachán seo a eagrú ar bhealach lena n-áireofar slándáil faisnéise tráchtála íogaire agus lena n-urramófar rúndacht na faisnéise sin.
- (8) Lena chur ar chumas oibreoirí faisnéis ábhartha a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach ar an dóigh chéanna i ngach Ballstát, is gá brath ar shonraíochtaí comhchoiteanna, a ghlacfaidh an Coimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme. Leis na sonraíochtaí sin, ba cheart idir-inoibritheacht sonraí a áirithiú trí thacar cuimsitheach amháin sonraí a bhunú a d'úsáidfí chun an fhaisnéis a chur in iúl go leictreonach. Na heilimintí sonraí a chomhfhreagraíonn do na ceanglais faisnéise atá i ngach ceann de na gníomhartha dlíthiúla de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát faoi seach, i gcás nach n-áirítear gach eilimint sonraí is coiteann do cheann amháin nó níos mó fothacar ach an t-aon uair amháin, ba cheart na heilimintí sonraí sin ar fad a bheith sa tacar cuimsitheach sonraí. Leis na sonraíochtaí sin, ba cheart nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe a shocrú maidir le rochtain na n-údarás inniúil ar an bhfaisnéis sin agus an phróiseáil a dhéanann siad uirthi.

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

- (9) Agus na sonraíochtaí sin á sainiú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na sonraíochtaí ábhartha um malartú sonraí a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais, agus sna **caighdeáin** ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le malartú sonraí, lena n-áirítear caighdeáin ilmhódacha, chomh maith leis na prionsabail agus na moltaí a leagtar amach sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta⁸, ina soláthraítear cur chuige maidir le seachadadh seirbhísí poiblí digiteacha Eorpacha arna chomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit. Ba cheart cúram cuí a ghlacadh chomh maith go mbeidh na sonraíochtaí sin fós neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus oscailte do theicneolaíochtaí nuálacha.
- 9(a) D'fhonn costais a íoslaghdú d'údaráis agus d'oibreoirí araon, ba cheart féachaint an bhféadfaí pointí rochtana a bhunú do na húdaráis inniúla. D'fheidhmeodh na pointí rochtana sin mar idirghabhálaithe idir na hardáin eFTI agus na húdaráis inniúla, agus dá bhrí sin níor cheart dóibh na sonraí eFTI a mbeadh an rochtain orthu á láimhseáil acu a stóráil ná a phróiseáil **ach amháin i gcás meiteashonraí a bhaineann le próiseáil sonraí eFTI, amhail logaí oibriúcháin atá riachtanacha chun críocha faireacháin nó staidrimh**. D'fhéadfadh Ballstát amháin nó níos mó a chomhaontú pointí rochtana comhpháirteacha a bhunú dá gcuid údarás inniúil faoi seach freisin.
- (10) Ba cheart, leis an Rialachán seo, na ceanglais fheidhmiúla is infheidhme a bhunú maidir le hardáin atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ardáin eFTI) ar cheart d'oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint astu chun an fhaisnéis rialála faoi iompar lastais i bhfoirm leictreonach (eFTI) a chur ar fáil do na húdaráis inniúla **d'fhonn na coinníollacha a chomhlíonadh le go mbeadh ceangal ar údaráis glacadh leis an bhfaisnéis sin, mar a leagtar síos sa Rialachán seo**. Ba cheart coinníollacha a bhunú chomh maith do sholáthraithe seirbhíse ardáin tríú páirtí (soláthraithe seirbhíse eFTI). **Leis na ceanglais agus na coinníollacha sin, ba cheart a áirithiú, go sonrach, nach féidir na sonraí eFTI ar fad a phróiseáil ach amháin de réir córas cuimsitheach cearta-bhunaithe um rialú rochtana lena sanntar feidhmiúlachtaí**.

⁸ Creat Eorpach Idir-inoibritheachta – Straitéis um Chur chun Feidhme, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (COM(2017) 134).

- (11) Chun muinín údarás [...] agus [...] oibreoirí eacnamaíocha araon a fhorbairt maidir le comhlíonadh na gceanglas feidhmiúil sin ag ardáin eFTI agus ag soláthraithe seirbhísí eFTI, ba cheart [...] do na Ballstáit córas deimhniúcháin a chur i bhfeidhm a mbeadh taca curtha faoi ag creidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. Ina theannta sin, i gcás chóras TFC atá á n-úsáid cheana, ba cheart é a bheith incháilithe **iarratas a dhéanamh** ar dheimhniú ina dtaobh faoin gcóras deimhniúcháin seo, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le hardáin eFTI a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (11a) D’ainneoin na hoibleagáide ar [...] **gach** údarás **inniúil** [...] glacadh leis an bhfaisnéis [...] **arna cur ar fáil** trí ardán eFTI deimhnithe i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh na húdaráis inniúla glacadh le faisnéis a sholáthraítear go leictreonach trí chórais eile freisin má roghnaíonn an Ballstát déanamh amhlaidh. Ag an am céanna, níor cheart go gcuirfí cosc leis an Rialachán seo ar úsáid ghnólacht go gnólacht, ná ar fheidhmiúlachtaí breise, na n-ardán eFTI, fad is nach ndéanann sé sin difear do phróiseáil na faisnéise rialála a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin.
- (12) D’fhonn na coinníollacha aonfhoirmeacha sin a áirithiú i dtaca le cur chun feidhme na hoibleagáide glacadh le faisnéis rialála a chuirtear ar fáil i bhfoirm leictreonach de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰.
- (13) Go sonrach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair chomhchoiteanna sonraí a bhunú i ndáil leis na ceanglais um fhaisnéis rialála faoi seach arna gcumhdach faoin Rialachán seo, chomh maith le nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe d’údaráis inniúla maidir le rochtain ar an bhfaisnéis agus próiseáil na faisnéise sin i gcás ina gcuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis sin ar fáil ar mhodh leictreonach, lena n-áirítear rialacha mionsonraithe agus sonraíochtaí teicniúla.

⁹ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (14) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chomh maith chun rialacha mionsonraithe a bhunú le haghaidh chur chun feidhme na gceanglas maidir le hardáin eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI.
- (15) Chun cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún :
- chun cuid B d'Iarscríbhinn I a leasú, chun liostaí na gceanglas um fhaisnéis rialála i reachtaíocht na mBallstát dar thug na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur san áireamh;
 - chun Cuid A d'Iarscríbhinn I a leasú chun gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún agus lena mbunaítear ceanglais nua Aontais um fhaisnéis rialála i dtaca le hiompar earraí a chur san áireamh;
 - chun cuid B d'Iarscríbhinn I a leasú chun aon fhoráil nua den dlí náisiúnta ábhartha a chur san áireamh lena dtugtar isteach athruithe ar na ceanglais náisiúnta um fhaisnéis rialála, nó lena leagtar síos ceanglais nua ábhartha um fhaisnéis rialála a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus dar thug na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo;
 - chun gnéithe teicniúla áirithe den Rialachán seo a chomhlánú, is é sin maidir leis na rialacha i gcomhair deimhniú ardáin eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI.
- (16) Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

¹¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

- (17) Toisc nach bhféadfaidh [...] na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, is é sin cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú maidir le glacadh ag údaráis **inniúla** le faisnéis iompair lastais a chuirtear ar fáil ar mhodh leictreonach, ach seachas sin go bhféadfaí, trí fhoras an ghá atá le ceanglais chomhchoiteanna a bhunú, iad a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (18) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta trí mhodh leictreonach, ar sonraí iad a éilítear mar chuid den fhaisnéis rialála ar iompar lastais, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹².
- (19) Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Ba cheart faisnéis a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht sin, agus chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta i gcoinne na gcuspóirí atá á saothrú léi.
- (20) Ní féidir an Rialachán a chur i bhfeidhm go héifeachtúil sula gcuirfear na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear i bhfeidhm. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó [cuir isteach an dáta], chun am a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha sin a ghlacadh.
- (21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, agus thug sé tuairim uaidh an xx XXX 20xx¹⁴,

¹² Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

¹³ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

¹⁴ IO C....

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat dlíthiúil maidir le faisnéis rialála idir na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus [...] na húdaráis inniúla a bhaineann le hiompar earraí ar chríoch an Aontais. Chun na críche sin, déantar é seo a leanas leis an Rialachán:
 - (a) leagtar síos leis na coinníollacha faoina gceanglaítear ar údaráis inniúla [...] glacadh le faisnéis rialála nuair a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil ar mhodh leictreonach í;
 - (b) leagtar síos leis na rialacha le haghaidh soláthar seirbhísí a bhaineann le faisnéis rialála a chur ar fáil ar mhodh leictreonach do na húdaráis inniúla ag na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach i:

- Rialachán CEE Uimh. 11¹⁵, airteagal 6(1);
- Treoir 92/106/CEE¹⁶, Airteagal 3;
- Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009¹⁷, Airteagal 8(3);
- Rialachán (CE) 1013/2006¹⁸, Airteagal 16(c) agus Airteagal 18(1);
- maidir le Treoir 2008/68/CE¹⁹, caibidil 5.4 de na hIarscríbhinní a ghabhann le RID, ADR agus ADN dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn I.1, Iarscríbhinn II, Roinn II.1 agus Iarscríbhinn III, Roinn III.1 den Treoir sin²⁰.

Ó thaobh Rialachán (CE) 1013/2006 de, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le rialuithe ag oifigí custaim, dá bhforáiltear sna forálacha is infheidhme de chuid an Aontais.

¹⁵ Comhairle CEE: Rialachán Uimh. 11 maidir le díothú idirdhealaithe i rátaí agus coinníollacha iompair, i gcur chun feidhme Airteagal 79 (3) den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (: Sraith I Imleabhar 1959-1962 lch. 60).

¹⁶ Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

¹⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

¹⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

¹⁹ Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13–59).

²⁰ Ní mór tagairtí do ADR, RID agus ADN a thuiscint de réir bhrí Airteagal 2(1), 2(2) agus 2(3) de Threoir 2008/68/CE.

- (b) na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar síos i ngníomh tarmligthe nó i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear i bpointe (a) [...] **nó de bhun** Threoir 2016/797/AE²¹ [...] **nó de bhun** Rialachán (CE) Uimh. 300/2008²². Liostófar na ngníomhartha tarmligthe nó na ngníomhartha cur chun feidhme i gcuid A d'Iarscríbhinn I.
- (c) na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach sa dlí náisiúnta agus a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I.
3. Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach bliain amháin ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha an dlí náisiúnta agus na ceanglais chomhfhreagracha um fhaisnéis rialála ina gceanglaítear go soláthraítear faisnéis atá comhionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil de bhun na gceanglas rialála um fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2(a) agus 2(b).

De bhun an fhógra sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon fhoráil nua den dlí náisiúnta:

- (a) lena dtugtar isteach athruithe ar na ceanglais náisiúnta um fhaisnéis rialála a liostaítear i gcuid B den Iarscríbhinn I; nó
- (b) lena leagtar síos ceanglais nua ábhartha um fhaisnéis rialála atá comhionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil de bhun na gceanglas um fhaisnéis rialála dá dtagraítear i míreanna 2(a) agus 2(b).

Cuirfidh na Ballstáit na fógraí sin in iúl laistigh de mhí amháin ó ghlacadh forála mar sin.

²¹ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

²² Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72.).

Airteagal 2
Iarscríbhinn I a oiriúnú

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13, lena leasaítear Iarscríbhinn I chun:

- (a) tagairt a áireamh d'aon cheanglais um fhaisnéis rialála dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b);
- (b) tagairtí a chuimsiú nó a scriosadh do dhlí náisiúnta agus do cheanglais um fhaisnéis rialála i gcomhréir leis na fógraí a dhéantar faoi Airteagal 1(3).

Airteagal 3
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘faisnéis rialála’ faisnéis, bíodh sí curtha i láthair mar dhoiciméad nó ná bíodh, a bhaineann le hiompar earraí ar chríoch an Aontais, lena n-áirítear trí bhíthin idirthurais, nach mór d’oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a chur ar fáil i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) chun comhlíonadh cheanglais ábhartha na ngníomhartha lena mbaineann a chruthú;
- (2) ciallaíonn ‘ceanglas um fhaisnéis rialála’ ceanglas faisnéis rialála a chur ar fáil;
- (2a) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ aon údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile atá inniúil chun cúraimí a chomhlíonadh faoi na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus ag a bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis rialála atá ag teastáil amhail comhlíonadh ar chríoch Ballstáit a sheiceáil, a fhorfheidhmiú, a bhailíochtú nó a fhaireacháin;**
- (3) ciallaíonn ‘faisnéis leictreonach faoi iompar lastais’ (eFTI) tacar gnéithe sonraí ar bith a phróiseáiltear maidir le tacaíocht leictreonach chun faisnéis rialála a mhalartú i measc na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus leis na húdaráis inniúla;

- (3a) ciallaíonn ‘fothacar sonraí eFTI’ tacar gnéithe sonraí struchtúrtha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis rialála a cheanglaítear i ngníomh dlí sonrach de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1(2).
- (3b) ciallaíonn ‘tacar comhchoiteann sonraí eFTI’ tacar cuimsitheach na ngnéithe sonraí struchtúrtha a chomhfhreagraíonn do gach fothacar sonraí eFTI, i gcás nach gcuimsítear ach aon uair amháin na ngnéithe sonraí is coiteann d'fhothacair éagsúla eFTI;
- (3c) Ciallaíonn ‘gné sonraí’ an t-aonad faisnéise is lú a bhfuil sainiú uathúil agus tréithe teicniúla beachta aige ar nós formáide, faid agus cineáil saintréithe;
- (4) ciallaíonn ‘próiseáil’ aon oibríocht nó sraith oibríochtaí ar a fheidhmítear ar eFTI, trí mhodhanna uathoibrithe nó modhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó mionathrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, glanadh nó scriosadh;
- (4a) ciallaíonn ‘loga oibriúcháin’ taifead uathoibrithe ar phróiseáil leictreonach eFTI.
- (5) ciallaíonn ‘ardán eFTI’ réiteach ar bith bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), amhail córas oibriúcháin, timpeallacht oibriúcháin, nó bunachar sonraí, a bhfuil sé ceaptha a úsáid chun eFTI a phróiseáil;
- (6) ciallaíonn ‘forbróir ardán eFTI’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ardán eFTI forbartha nó faighte acu chun faisnéis rialála a bhaineann lena ghníomhaíocht eacnamaíoch féin a phróiseáil, nó chun an t-ardán sin a chur ar an margadh;
- (7) ciallaíonn ‘seirbhís eFTI’ seirbhís a dhéanann próiseáil eFTI trí ardán eFTI, as féin nó i gcomhcheangal le réitigh TFC eile, lena n-áirítear ardáin eFTI eile;
- (8) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse eFTI’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís eFTI do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar bhonn conartha;

- (9) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann’ aon oibreoir iompair nó lóistíochta, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach, atá freagrach as faisnéis rialála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhréir leis an gceanglas ábhartha um fhaisnéis rialála;
- (10) ciallaíonn ‘formáid atá inléite ag an duine’ bealach chun na sonraí a léiriú i bhfoirm leictreonach is féidir le duine nádúrtha a úsáid mar fhaisnéis gan tuilleadh próiseála a bheith de dhíth;
- (11) ciallaíonn ‘formáid meaisín-inléite’ bealach chun na sonraí a léiriú i bhfoirm leictreonach is féidir le duine nádúrtha a úsáid le haghaidh uathphróiseáil le meaisín;
- (12) ciallaíonn ‘comhlacht um measúnú comhréireachta’ comhlacht um measúnú comhréireacht laistigh de bhrí phointe 13 d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an Rialachán sin chun measúnú comhréireachta a dhéanamh ar ardán eFTI nó ar sholáthraí seirbhíse eFTI[...]
- (13) ciallaíonn 'loingsiú' tacar socraithe earraí, lena n-áirítear , dramhaíl, idir an chéad áit bailithe agus an áit deiridh seachadta faoi théarmaí conartha aonair iompair nó faoi théarmaí conarthaí iomadúla iompair as a chéile lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an t-aistriú idir modhanna éagsúla iompair, beag beann ar chainníocht ná ar líon na gcoimeádán, na bpacáistí, nó na bpíosáí lena mbaineann.

CAIBIDIL II

FAISNÉIS RIALÁLA A CHUIRTEAR AR FÁIL AR MHODH LEICTREONACH

Airteagal 4

Ceanglais ar na hoibreoí eacnamaíocha lena mbaineann

Chun críocha Airteagal 5(1) comhlíonfaidh oibreoí eacnamaíocha na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

I gcás ina gcuireann oibreoí eacnamaíocha faisnéis rialála ar fáil ar mhodh leictreonach d' [...] údarás **inniúil** [...], déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn sonraí arna bpróiseáil in ardán eFTI deimhnithe agus, más infheidhme, déanfaidh soláthraí seirbhíse eFTI deimhnithe é. Cuirfidh na hoibreoí eacnamaíocha an fhaisnéis rialála ar fáil i bhformáid meaisín-inléite agus, ar iarraidh ón údarás inniúla, i bhformáid atá inléite ag an duine.

Cuirfear faisnéis san fhormáid meaisín-inléite ar fáil trí nasc fiordheimhnithe agus slán le foinse sonraí ardáin eFTI. Cuirfidh na hoibreoí eacnamaíocha lena mbaineann an nasc leictreonach uathúil sainaitheanta dá dtagraítear i mír c d'Airteagal 8(1) lena gceadaítear don údarás inniúil an fhaisnéis rialála a bhaineann leis an loingsiú a shainaithint go uathúil.

Cuirfear faisnéis i bhformáid atá inléite ag an duine ar fáil láithreach lom, ar scáileán na ngléasanna leictreonacha ar leis an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann.

Airteagal 5
Ceanglais d'údaráis inniúla

1. [...] Glacfaidh na húdaráis inniúla [...] le faisnéis rialála a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil ar mhodh leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 4.

I gcás ina mbeidh faisnéis rialála curtha ar fáil go leictreonach ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 4, ar faisnéis í a gceanglaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir le loingsiú dramhaíola, glacfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an fhaisnéis rialála sin freisin gan an comhaontú dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 26 den Rialachán sin.

I gcás ina n-áirítear bailíochtú oifigiúil, amhail stampaí nó deimhnithe, i bhfaisnéis rialála a éilítear i ngníomh dlí sonrach de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1(2), cuirfidh an t-údarás faoi seach an bailíochtú sin ar fáil go leictreonach, i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear de bhun Airteagal 7.

2. Chun go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i mír 1, déanfaidh na Ballstáit bearta chun go bhféadfaidh a n-údaráis inniúla an fhaisnéis rialála a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 4 a rochtain agus a phróiseáil. Beidh na bearta sin i gcomhréir leis na forálacha a bhunaítear de bhun Airteagal 7.

Airteagal 6
Faisnéis tráchtála rúnda

Údaráis inniúla, soláthraithe seirbhísí eFTI agus oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, déanfaidh siad bearta chun go n-áiritheofar rúndacht faisnéise tráchtála a phróiseáiltear agus a mhalartaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus áiritheoidh siad nach bhféadfar an fhaisnéis sin a rochtain agus a phróiseáil ach amháin nuair a údaraítear sin.

Airteagal 7

Tacar comhchoiteann sonraí eFTI, nósanna imeachta agus rialacha maidir le rochtain

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas:
 - (a) tacar comhchoiteann agus fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI a bhunú agus a leasú i ndáil leis na ceanglais faisnéise rialála faoi seach, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), lena n-áirítear sonraíochtaí comhfhreagracha le haghaidh gach gné sonraí a áirítear sa tacar comhchoiteann sonraí agus sna fothacair chomhchoiteanna sonraí;
 - (b) nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe a shainiú, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna, maidir le rochtain na n-údarás inniúil ar ardáin eFTI, lena n-áirítear nósanna imeachta chun faisnéis rialála a phróiseáil.
2. Agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 á nglacadh, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
 - a) coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha agus gníomhartha de chuid an Aontais a chur san áireamh;
 - b) féachaint le go mbeidh tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair chomhchoiteanna sonraí idir-inoibritheach le **samhlacha ábhartha sonraí a nglactar leo** go hidirnáisiúnta **nó ar leibhéal an Aontais** [...], lena n-áirítear samhlacha sonraí ilmhódacha; agus
 - c) féachaint lena éifeachtúlachta atá na nósanna imeachta riaracháin a fheabhsú agus féachaint le costais an chomhlíonta a íoslaghdú i gcás na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na n-údarás lena mbaineann araon.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Déanfar an chéad ghníomh cur chun feidhme den sórt sin lena gcumhdaítear na heilimintí go léir dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh tráth nach déanaí ná [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

CAIBIDIL III

ARDÁIN AGUS SEIRBHÍSÍ EFTI

ROINN 1

CEANGLAIS MAIDIR LE HARDÁIN AGUS SEIRBHÍSÍ EFTI

Airteagal 8

Ceanglais fheidhmiúla maidir le hardáin eFTI

1. Leis na hardáin eFTI a úsáidtear chun faisnéis rialála a phróiseáil soláthrófar feidhmiúlachtaí lena n-áirithítear an méid seo a leanas:
 - (a) gur féidir sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679²³;
 - (b) is féidir sonraí tráchtála a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 6;
 - (ba) [...] go bhféadfaidh na húdaráis **inniúla** na sonraí a rochtain agus a phróiseáil i gcomhréir leis na sonraíochtaí a ghlactar de bhun Airteagal 7;
 - (bb) go bhféadfaidh oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis a chur ar fáil do na húdaráis **inniúla** i gcomhréir le hAirteagal 4.
 - (c) gur féidir nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a bhunú idir loingsiú agus na gnéithe gaolmhara sonraí eFTI, lena n-áirítear tagairt struchtúrtha do ardán eFTI ar a gcuirtear na sonraí ar fáil, amhail aitheantóir tagartha uathúil;

²³ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (*IO L 119, 4.5.2016, Lch. 1*).

- (d) gur féidir sonraí a phróiseáil ar bhonn rochtain údaráithe agus fíordheimhnithe agus de réir cearta próiseála a shainítear agus a shanntar go soiléir agus ar an mbonn sin amháin;
 - (e) go dtaifeadtar gach próiseáil sonraí go cuí trí logaí oibriúcháin chun go mbeifear ábalta, ar a laghad, gach oibríocht phróiseála ar leith, an duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne an oibríocht agus seicheamhú na n-oibríochtaí ar gach gné sonraí aonair a shainaithint; má bhaineann oibríocht leis an ngné sonraí atá ann a mhionathrú nó a ghlanadh, coimeádfar an bhunghné sonraí;
 - (f) gur féidir sonraí a chur i gcartlann agus a bheith inrochtana do na húdaráis inniúla ar feadh na tréimhse ama a shonraítear sa reachtaíocht lena leagtar síos na ceanglais faisnéise rialála ábhartha;
 - (fa) go ndéantar na logaí oibriúcháin dá dtagraítear i bpointe (e) a chur i gcartlann agus go mbeidh siad inrochtana do na húdaráis inniúla, chun críocha iniúcháireachta [...] ar feadh na tréimhse ama a shonraítear sa reachtaíocht lena leagtar síos na ceanglais faisnéise rialála ábhartha **agus, chun críocha faireacháin, ar feadh na dtréimhsí ama dá dtagraítear in Airteagal 16.**
 - (g) go bhfuil na sonraí cosanta ar éillitheacht agus ar ghadaíocht;
 - (h) go bhfreagraíonn na gnéithe sonraí a phróiseáiltear do thacar comhchoiteann sonraí eFTI agus d'fhothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI a bhunaítear i gcomhréir le forálacha Airteagal 7 agus gur féidir iad a phróiseáil in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais mar a fhoráiltear leis an ngníomh lena leagtar síos na ceanglais ábhartha um fhaisnéise rialála.
2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, mionsonraíochtaí maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Déanfar an chéad ghníomh cur chun feidhme den sórt sin lena gcumhdaítear na heilimintí go léir dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh tráth nach déanaí ná [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

Airteagal 9

Ceanglais maidir le soláthraithe seirbhíse eFTI

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse eFTI an méid seo a leanas:
 - (a) nach ndéanann ach úsáideoirí údaráithe próiseáil ar na sonraí agus go ndéanann siad amhlaidh de réir ceartha próiseála a bheidh sainithe agus sannta go soiléir laistigh den ardán eFTI, i gcomhréir leis na gceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála;
 - (b) go stóráiltear sonraí agus go mbeidh siad inrochtana ar feadh na tréimhse ama a shonraítear sa reachtaíocht lena leagtar síos na ceanglais faisnéise rialála ábhartha;
 - (c) go bhfuil rochtain láithreach ag údaráis inniúla ar fhaisnéis rialála maidir le hoibríocht iompair lastais a phróiseáiltear trína n-ardáin eFTI, saor ó aon mhuirir nó táillí;
 - (d) go bhfuil sonraí slánaithe go hiomchuí, lena n-áirítear i gcoinne próiseáil neamhúdaráithe nó neamhdhleathach agus i gcoinne caillteanais de thimpiste, i gcoinne scriosta nó i gcoinne damáiste.
2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Déanfar an chéad ghníomh cur chun feidhme den sórt sin lena gcumhdaítear na heilimintí go léir dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh tráth nach déanaí ná [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

ROINN 2

DEIMHNIÚ

Airteagal 10

Comhlachtaí measúnaithe comhréireachta

1. Beidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta creidiúnaithe de réir Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun deimhniú na n-ardán eFTI agus na soláthraithe seirbhíse eFTI a fheidhmiú faoi mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo.
[...]
2. Chun críche creidiúnú, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II. Déanfaidh comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta an nasc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfoilsíonn siad an fhaisnéis atá ar fáil faoi na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe a chur in iúl don údarás **a ainmnítear i gcomhréir le** [...] mír 3, lena n-áirítear liosta de na comhlachtaí sin agus é cothrom le dáta.
3. Ainmneoidh gach Ballstát [...] údarás [...] a choimeádfaidh liosta de na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe, de na hardáin eFTI agus de na soláthraithe seirbhíse eFTI ag a mbeidh deimhniú bailí ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagail 10(2), 11(2) agus 12(2), ar liosta é a bheidh cothrom le dáta. Cuirfidh na húdaráis [...] ainmnithe sin an liosta sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil de chuid an rialtais.
4. Faoi 31 Márta gach bliain, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát fógra faoin liosta [...] dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt don Choimisiún, mar aon le seoladh an tsuímh ghréasáin ar ar foilsíodh an liosta sin. Foilseoidh an Coimisiún nasc chuig seoltaí na suíomhanna gréasáin sin ar a leathanach gréasáin oifigiúil.

Airteagal 11

Deimhniú ardán eFTI

1. Ar iarraidh ó fhorbróir ardáin eFTI, déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta measúnú ar chomhlíontacht an ardáin eFTI leis na ceanglais a leagtar síos in

Airteagal 8(1). I gcás measúnú dearfach, eiseofar deimhniú um chomhlíonadh. Má bhíonn an measúnú diúltach, léireoidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an bonn cirt is gá don iarratasóir.

2. Coimeádfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta liosta cothrom le dáta de na hardáin eFTI a bheidh deimhnithe acu agus a ndearna siad an deimhniú ina leith a tharraingt siar nó a chur ar fionraí. Cuirfidh siad an liosta sin ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin agus cuirfidh siad an nasc chuig seoladh an tsuímh ghréasáin sin in iúl don údarás [...] ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 10(3).
3. Beidh marc deimhniúcháin ag gabháil le faisnéis a chuirtear ar fáil do na húdaráis inniúla trí ardán eFTI deimhnithe.
4. Déanfaidh forbróir an ardáin eFTI iarratas ar athmheasúnú ar a dheimhniú má athbhreithnítear na sonraíochtaí teicniúla arna nglacadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(2).
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le deimhniú agus maidir le húsáid an mhaire deimhniúcháin, lena n-áirítear maidir le hathnuachan, fionraí agus tarraingt siar dheimhniú na n-ardán eFTI.

Airteagal 12
Deimhniú soláthraithe seirbhíse eFTI

1. Ar iarraidh ó sholáthraí seirbhíse eFTI déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta measúnú ar chomhlíontacht an tsoláthraí seirbhíse eFTI leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(1). I gcás measúnú dearfach, eiseofar deimhniú um chomhlíonadh. Má bhíonn an measúnú diúltach, léireoidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an bonn cirt is gá don iarratasóir.
2. Coimeádfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta liosta cothrom le dáta de na soláthraithe seirbhíse eFTI a bheidh deimhnithe acu agus a ndearna siad an deimhniú ina leith a tharraingt siar nó a chur ar fionraí. Cuirfidh siad an liosta sin ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin agus cuirfidh siad an nasc chuig seoladh an tsuímh ghréasáin sin in iúl don údarás [...] ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 10(3).
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le deimhniú na soláthraithe seirbhíse eFTI, lena n-áirítear maidir le hathnuachan, fionraí agus tarraingt siar an deimhniú.

CAIBIDIL IV

TARMLIGIN CUMHACHTA AGUS FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 13

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 11(5) agus in Airteagal 12(3) a ghlacadh ar feadh tréimhse cúig bliana ó [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa n an Chomhairle an chumhacht dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 11(5) agus Airteagal 12(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2, Airteagal 11(5) agus Airteagal 12(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 14

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15

Athbhreithniú

1. Faoi [cúig bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tiolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.
2. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá a leagtar amach in Airteagal 16 chun an Tuarascáil sin a ullmhú, a thabhairt don Choimisiún.

Airteagal 16

Faireachán

Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún gach cúig bliana agus den chéad uair faoin [trí bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí:

1. [...]
2. bunaithe ar na logaí oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(e) agus 8(1)(fa), an méid uaireanta a ndearna na húdaráis inniúla rochtain agus próiseáil ar an bhfaisnéis rialála a chuir na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 4.

Soláthrófar an fhaisnéis sin do gach bliain atá cumhdaithe faoin tréimhse tuairiscithe.

Airteagal 16a
Bearta idirthréimhseacha

Gan dochar don dáta cur i bhfeidhm dá bhforáiltear in Airteagal 17, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 1(3) faoi [an dáta a shonraítear san fhoráil sin] agus glacfaidh an Coimisiún na chéad ghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 7, in Airteagail 8(2a) agus 9(2) faoi [an dáta a shonraítear sna forálacha sin].

Airteagal 17
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [OP cuir isteach sé bliana ón teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS RIALÁLA A THAGANN FAOI RAON FEIDHME AN RIALACHÁIN SEO

CUID A - Ceanglais um fhaisnéis rialála dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b)

Liosta na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 1(2)b:

- 1) Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta: Iarscríbhinn 6.3.2.6 (a), (b), (c), (d), (e), (f) agus (g).

CUID B - Dlí na mBallstát

Dlí náisiúnta na mBallstát ábhartha lena gceanglaítear soláthar na faisnéise atá comhionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis a shonraítear i bpointe a) agus (b) d’Airteagal 1(2), liostaítear thíos é.

[Ballstát]

1) Gníomh dlí: [foráil]

IARSCRÍBHINN II
CEANGLAIS A BHAINNEANN LE COMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ
COMHRÉIREACHTA

[...]

2. Bunófar comhlacht um measúnú comhréireachta faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlíteanach aige.
3. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí a bheidh neamhspleách ar an eagraíocht nó ar an ardán eFTI nó ar an soláthraí seirbhíse eFTI ar a ndéanfaidh sé measúnú.

Comhlacht ar le cumann gnó nó cónaidhm ghairmiúil é a dhéanann ionadaíocht ar son gnóthas atá bainteach i ndearadh, monaraíocht, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil ardán nó soláthraí seirbhíse eFTI ar a ndéanann sé measúnú, d'fhéadfaí a mheas, ar choinníoll go léireofar a neamhspleáchas agus nach bhfuil coinbhleacht leasa ar bith ag baint leis, gur comhlacht den sórt sin atá ann.

4. Ní bheidh comhlacht um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta barrleibhéil agus an pearsanra atá freagrach as tascanna an mheasúnaithe comhréireachta a dhéanamh ina dhearthóir, ina mhonaróir, ina sholáthraí, ina shuiteálaí, ina cheannaitheoir, ina úinéir, ina úsáideoir ná ina chothabhálaí den ardán eFTI nó den soláthraí seirbhíse eFTI, nó ní bheidh sé ina ionadaí ar son aon cheann de na páirtithe sin.

Ní bheidh comhlacht um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta barrleibhéil agus an pearsanra atá freagrach as tascanna an mheasúnaithe comhréireachta a dhéanamh bainteach go díreach le dearadh, monarú nó tógáil, margaíocht, suiteáil, úsáid nó cothabháil an ardáin eFTI nó an tsoláthraí seirbhíse eFTI, nó ní dhéanfaidh sé ionadaíocht ar son na bpáirtithe a dhéanann na gníomhaíochtaí sin. Ní bheidh siad páirteach i ngníomhaíocht ar bith a d'fhéadfadh teacht salach ar a neamhspleáchas breithiúnais nó ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta a dtugtar fógraí dóibh ina leith. Beidh feidhm acu go háirithe maidir le seirbhísí sainchomhairleoireachta.

Áiríteoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach rachaidh gníomhaíochtaí a bhfochuideachtaí nó a bhfochonraitheoirí i gcion ar rúndacht, oibiacht nó neamhchlaontacht a ngníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta.

5. Déanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bpearsanra na gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta le hionracas gairmiúil den scoth agus leis an gcumas teicniúil riachtanach sa réimse sonrach agus beidh siad saor ó gach brú agus gach dreasacht, go háirithe ó thaobh airgeadais de, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ngníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta, go háirithe i ndáil le daoine nó grúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.
6. Beidh ar chumas an chomhlachta um measúnú comhréireachta na cúraimí measúnaithe comhréireachta go léir a chur i gcrích a shanntar dó faoi Airteagail 11 agus 12, cibé acu a dhéanann an comhlacht um measúnú comhréireachta féin na cúraimí sin a chur i gcrích nó a dhéantar thar a cheann agus faoina fhreagracht iad.

Beidh an méid seo a leanas ar fáil do chomhlacht um measúnú comhréireachta:

- (a) pearsanra ag a bhfuil eolas teicniúil agus taithí dhóthanach agus iomchuí chun na tascanna measúnaithe comhréireachta a dhéanamh;
- (b) cur síos ar na nósanna imeachta a ndéantar an measúnú comhréireachta dá réir, rud a áirithíonn trédhearcacht agus cumas mhacasamhail na nósanna imeachta sin.
- (c) nósanna imeachta maidir le feidhmiú na ngníomhaíochtaí ina dtugtar aird chuí ar mhéid gnóthais, ar an earnáil ina n-oibríonn sé, ar a struchtúr agus ar a chasta atá an teicneolaíocht lena mbaineann.

Beidh an acmhainn ag an gcomhlacht um measúnú comhréireachta is gá chun na tascanna teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta a dhéanamh ar mhodh iomchuí.

7. Beidh an méid seo a leanas ag an bpearsanra atá freagrach as na tascanna measúnaithe comhréireachta a dhéanamh:
 - (a) oiliúint fhónta theicniúil agus ghairme a chumhdóidh na gníomhaíochtaí uile um measúnú comhréireachta;
 - (b) eolas sásúil faoi cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás imleor chun na measúnuithe sin a dhéanamh;

- (c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9;
 - (d) an cumas deimhnithe um chomhlíonadh, taifid agus tuarascálacha ina léirítear go ndearnadh na measúnuithe a dhréachtú.
8. Ráthófar neamhchlaontacht na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta barrleibhéil agus a bpearsanra atá freagrach as na tascanna measúnaithe comhréireachta a dhéanamh.

Ní bhraithfidh luach saothair an lucht bainistíochta barrleibhéil agus an phearsanra atá freagrach as tascanna measúnaithe comhréireachta de chuid comhlachta um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar líon na measúnuithe a dhéantar ná ar thorthaí na measúnuithe sin.

9. Glacfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta árachas dliteanais mura bhfuil dliteanas glactha ag an Stát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó más é an Ballstát féin atá freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.
10. Cloífidh pearsanra an chomhlachta um measúnú comhréireachta le rúndacht ghairmiúil i ndáil leis an bhfaisnéis ar fad a gheofar agus a dtascanna á gcur i gcrích acu faoi Airteagail 11 agus 12 nó faoi aon fhoráil den dlí náisiúnta ena dtugtar éifeacht dóibh, ach amháin i ndáil le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar na gníomhaíochtaí. Beidh cearta dílseánaigh ar cosaint.
11. Beidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta rannpháirteacha sna gníomhaíochtaí caighdeánaithe ábhartha agus sna gníomhaíochtaí rialála ábhartha nó áiritheoidh siad go gcuirfear a bpearsanra atá freagrach as na tascanna measúnaithe gníomhaíochtaí ar an eolas fúthu.